

Department of Education
An Roinn Oideachais



PÁDRAIC MAC PIARAS PATRICK PEARSE



Abbey Theatre
FRIDAY & SATURDAY.
7. & 8. APRIL. 1981.
THE PASSION PLAY
ST. ENDA'S COLLEGE,
ST. ITA'S COLLEGE.



Slides by:
Alto Production Studios Ltd,
Robert Emmet House,
Dundrum Road,
Milltown,
Dublin 14

PATRICK PEARSE

This text is intended merely as an aid to the effective use of the film-strip.

It provides a quota of factual information which the teacher may draw on for composing a personal commentary. However, ideally the teacher will not read off a formal commentary to the class but rather become familiar with each frame of the filmstrip, its context and significance, and then join with the pupils in a lively exploration and review of Pearse's career as the filmstrip unfolds. A chronology sufficiently detailed for school purposes is included in this text but it is assumed that teachers are already well familiar with Pearse and his period.

PÁDRAIC MAC PIARAS

Níl sé i gceist leis an téacs seo ach go gcabhródh sé le húsáid éifeachtach an stíallscannán. Tá méid áirthe eolais fhíorasaigh ann a dtig leis an oide dul ina mhuinín agus tráchtairreacht phearsanta á leagan amach aige. Níl sé i gceist ar chor ar bith, áfach, go léifeadh an múinteoir amach cuntas foirmiúil don rang ach go gcuirfeadh sé eolas ar gach fráma den stíallscannán – ó thaobh comhthéacs agus tábhachta de – agus ansin go ndéanfadh sé féin, i dteannta a chuid daltaí, taiscealadh agus athbhreithniú anamúil ar shaol an Phiarsaigh faoi mar atá sé ag dul tríd an stíallscannán. Tá croineolaíocht sách cuimsitheach do scoileanna ag dul leis an téacs seo ach glactar leis go bhfuil eolas go leor cheana féin ag oidí ar an bPiarsach agus ar stair na linne sin.

Fráma 1

SÉAMAS MAC PIARAIS AGUS A BHEAN MAIRÉAD 1886

I seascaidí na haoise seo caite a tháinig Séamas Mac Piarais go Baile Átha Cliath ó Bhermingham, Sasana, mar a raibh sé ina ábhar dealbhóra. Ba í an cheird chéanna a chleacht sé i mBaile Átha Cliath agus faoi dheireadh 's faoi dheoidh bhunaigh sé a ghnó snoódóireachta cloiche féin ag 27 Sráid Mhór Bhrunsic (ar a dtugtar Sráid an Phiarsaigh sa lá atá inniu ann), áit ar chuir sé faoi freisin. Níor thaobhaigh sé creidéamh ar bith ach fear éirimíúil ab ea é a bhain oideachas amach dó féin agus chuir sé caidéis sa chreideamh Caithliceach. Sa deireadh d'iompaigh sé ina Chaithliceach tar éis dó dianstaidéar a dhéanamh ar ghnóthaí eaglasta. Phós sé Emile Siobhán Nic An tSionnaigh agus saolaíodh beirt pháiste dóibh ach fuair Emile féin bás agus í fós ina hóbhean. Tamall ina dhiaidh sin phós Séamas Mairéad Ní Bhrád-aigh, freastalaí óg siopa as Baile Átha Cliath, arbh as Co. na Mí dá muintir. Ceathrar páistí a saolaíodh dóibh sin; Mairéad a rugadh sa blhain 1878, Pádraic a rugadh ar an 10ú Samhain sa blhain 1879, Liam sa blhain 1881 agus Máire Bríd sa blhain 1883.

Ag soláthar altóirí do thithe pobail Caitliceacha is mó a bhíodh Séamas um a dtaca seo agus tháinig an oiread sin ratha ar a chuid oibre go raibh sé d'acmhainn aige ar ball a chlann a aistriú amach go Ascaill an Droichid Nua, Dumhach Trá, ceantar faiseanta cónaithe. Is ansin, i ngairdín a thí a tógadh an grianghraf seo de Shéamas agus dá bhean Mairéad timpeall na bliana 1886.

Fráma 2

PÁDRAIC, LIAM AGUS A nDEIRFIÚRACHA, 1886

Tógadh an grianghraf seo ag an teach i nDumhach Trá timpeall na bliana 1886 tráth a raibh Pádraic (ar chúl i dteannta le Mairéad) seacht mbliana d'aois. Bhí an bheirt pháiste a saolaíodh do Shéamas agus dá chéad bhean, Emile fásta suas faoin am seo agus ba bheag teagmháil a bhí acu leis an dara clann. Bhí Mairéad, an ghirseach ba shine, ina cailín tiarnasach, de réir cosúlachta ach ba faoi cheannas Phádraic i gcoitinne a d'imrítí cluichí agus a d'eagraftí na miondrámaí a scríobhadh an ceathrar páiste. Bhí an bheirt ab óige lánsásta a bheith faoi stiúir na beirte eile agus leanadh Liam i gconaí treallús agus intíofcht a dhearthár mhóir.

Fráma 3

SCOIL NA mBRÁITHRE CRÍOSTAÍ, SRAITH AN IARTHAIR

Cuireadh Pádraic chuig scoil phríobháideach de chuid Bhean Uí Mhurchú go dtí go raibh sé aon blhain déag d'aois agus d'imigh sé féin agus Liam ina dhiaidh sin chuig Scoil na mBráithre Críostaí i Sraith an Iarthair. Gidh nár ghabh ardintleacht amach 's amach le Pádraic ghnóthaigh sé roinnt duaiseanna sna scrúduithe poiblí. Thosaigh sé ag foghlaim Gaeilge mar ábhar roghnach nuair a bhí sé ceithre bliana déag d'aois agus trí bliana ina dhiaidh sin bhain sé amach an dara háit in Éirinn i nGaeilge sna scrúduithe sinsearacha.

Múinteoir a chuaigh i bhfeidhm go mór air ab é an Br. Máinsill, cainteoir dúchais as Co. Chiaraí agus nuair a aistríodh an Bráthair sin chuig scoil eile bhí Pádraic ar dhuine de cheathrar dalta a roghnaíodh chun aitheasc maisithe a bhronnadh air. B'íad Liam Ó Duibhir, Seoirse Ó Coigligh agus Pádraigh Cúipéir an triúr gasúr eile. Mar seo a leanas a thosaigh an t-aitheasc: 'A Dhuine, Uasail, Is mian linne, buachaillí na Séú Scoile, a chur i bhfré duit le mórmheas gur olc linn uile thú a bheith ag imeacht uainn' . . .

Fráma 4

PÁDRAIC AGUS É CÚIG BHLIAIN DÉAG D'AOIS, 1895

Bhronn an ceathrar malrach seo an t-aitheasc ar an mBr. Máinsill. Tá spéaclaí á gcaitheamh ag Pádraic sa phictiúr seo. Spéaclaí sróine is mó a chaith sé agus é ina fhear. Bhí mionmháchail súl air ar féidir a fheiceáil i roinnt dá ghrianghrafaná.

Fráma 5

CUMANN LITEARTHA NUA-ÉIREANN, 1896

Sa bhliain 1896 agus gan é ach sé bhliain déag d'aois chuir an Piarsach de an tardscrúdú agus tairgeadh post dó mar oide i Sraith an Iarthair. I mí na Nollag na bliana sin bhunaigh Pádraic, i dteannta le roinnt gasúr ón scoil a bhí comhaois leis, — ar a raibh Éamonn Ó Néill — Cumann Liteartha Nua-Éireann agus ceapadh an Piarsach ina uachtaráin air. Thagadh an Cumann le chéile uair sa tseachtaí in óstán an Star agus Garter agus bhíodh díos póireachtaí agus léachtaí ar bun acu ar ábhair a bhain le litríocht na hÉireann. Ar na hailléachtóirí a thagadh ó am go chéile bhí Eoin Mac Néill, Dr. George Sigerson agus an tAthair Peadar Ó Laoghaire.

Fráma 6

TRÍ LÉACHT UM THÉAMAÍ GAELACHA

Ba é an Piarsach féin a thug roinnt de na léachtaí don Chumann agus d'fhoilsigh sé trí cinn acu faoin teideal *Trí Léacht Um Théamaí Gaelacha*. 'The Intellectual Future of the Gael' is teideal de cheann amháin de na léachtaí ach tá uile cheann acu gan puinn fiúntais liteartha ag roinnt leis Aistí suntasacha do dhéagóir iad, mar sin féin, agus léiríonn siad luiteamas bisiúil Phádraic le litríocht na tíre seo.

I bhfómhar na bliana 1898 shocraigh an Piarsach agus Éamonn Ó Néill go ligfeadh siad do Chumann Liteartha Nua-Éireann dul i léig i ngeall ar an mbeirt acu a bheith saíte i ggníomhaíochtaí Chonradh na Gaeilge.

Fráma 7

OIFIGÍ CHONRADH NA GAEILGE

Bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893 ag dream ar a raibh Dúglas de híde, Eoin Mac Néill agus an tAthair Eoin Ó Gramhna. Is é an cuspóir a bhí ag an gConradh 'ná an Ghaeilge a choinneáil á labhairt in Éirinn'. Bhain an Piarsach ballraíocht amach sa Chonradh sa bhliain 1896 agus faoi chasadh na haoise nuair a bhí sé féin an-ghníomhach sa ghlúaiseacht ba é ceannaras an Chonartha ná 24, Sráid Sacbhíl (ar a dtugtar Sráid Uí Chonaill sa lá atá inniu ann) láimh le hóstán an Ghresham.

Fráma 8

AN CONRADH Á CHUR OS COMHAIR AN PHOBAIL

Théadh an Piarsach chuig cruinnithe de Lárchraobhan Chonartha agus níorbh fhada gur tugadh suntas dó sa gluaiseacht. Sa bhliain 1897 ag cruinniú bliantúil na Craoibhe mhol sé scéim sa dóigh go gcuíreadh muintir na hÉireann trí chéile eolas ní b'fhéarr ar an gConradh agus le go mbeadh an gluaiseacht féin ní ba tharraingtí don ghnáthduine. Glacadh leis an rún seo agus ní beag an bhaint a bhí aige seo le fás agus forbairt na gluaiseachta ar feadh roinnt blianta ina dhiaidh sin mar gur leag sé béis ar shuaирceas agus ar chuideachtúileacht na heagraíochta sa tsúl gur éirigh leis an gConradh an-chuid daoine óga a mhealladh chuig na himeachtaí sóisialta.

Fráma 9

COISTE FEIDHMIÚCHÁIN CHONRADH NA GAEILGE 1898 – '99

Comhthoghadh an Piarsach ar Choiste Feidhmiúcháin an Chonartha sa bhliain 1898. Dúglas de híde a bhí ina uachtarán ach b'íad Eoin Mac Néill agus an Dr. Oirmhinneach Ó hIcí, ollamh i gColáiste Phádraig, Máigh Nuad, a rinne bunáite an tsaothair riarracháin. Ar feadh dhá bhliain ina dhiaidh sin ba mhór an chabhair a thug an Piarsach don bheirt bhall thuasluite agus bhí sé ar dhuine de na daoine ba dhíocasaí ar an gCoiste Feidhmiúcháin. As leabhar miontuairisci de chuid an Choiste Fheidhmiúcháin a rinneadh macasamhail liosta na mball atá sa bhfráma seo.

Fráma 10

PÁRAS 1900

I bPáras na Fraince a bhí comhdháil ag an gConradh sa bhliain 1900. Féach an Piarsach sa dara sraith ón gcúl, an duine is faide siar ar chlé ar fad agus tú ag breathnú ar an scáileán.

Fráma 11

'TIGH AN PHIARSAIGH & A CHOMHLACHT, DEALBHÓIRÍ

Bhásaidh Séamas Mac Piarais sa bhliain 1900 agus b'íad a bheirt mhac, Pádraic agus Liam, a chuaigh i mbun an ghnó shnoíodóireachta chloiche ansin a bhí suite fós i Sráid Mhór Bhrunsic. Bhí Liam ina scoláire ealaíne i Scoil Ealaíne Bhaile Átha Cliath, i Londain agus i bPáras agus dealbhóir cruthanta a bhí ann faoin am seo. Ach dheimhan luí a bhí ag ceachtar den bheirt deartháir le cúrsaí gnó ná leis an obair a bhí idir lámh acu sa tsúl gur thit an tóin as an ngnó snoíodóireachta ar fad agus dhún sé síos faoi dheireadh thiar sa bhliain 1910. Feicimid sa fhráma seo an altóir a bhí ar taispeántas ag Taispeántas Chorcaí sa bhliain 1902.

Fráma 12

AN PIARSACH AGUS É INA MHÚINTEOIR

Sa bhliain 1901, bhain an Piarsach céim B.A. amach san Ollscoil Ríoga. Bhí taithí mhaith mhúinteoirreachta aige, freisin, agus é ina oide neamhoilte chomh fada siar leis an mbliain 1896 nuair a ceapadh é ina mhúinteoir Gaeilge i Sraith an larthair agus fós ina mhacléinn. Gaeilge is mó a mhúin sé fós tar éis a cháilithe — ar bhonn páirtaimseartha, go háirithe — in Institiúidí ar nós Coláiste Alexandra, Coláiste na hOllscoile agus Coláiste Laighean a bhunaigh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1906 d'fheabhadh a chur ar mhúinteoirí le Gaeilge.

Fráma 13

AN PIARSACH AGUS É INA ABHCHÓIDE

Fad a bhí Pádraic ag ullmhú faoi choinne na céime B.A. bhí sé ina mhac léinn dlí freisin i gColáiste na Tríonóide agus i Hallaí an Rí agus rinneadh abhchóide de sa bhliain 1901. Gidh go raibh sé mórlach as a cháillíocht sa dlí ba bheag meas a bhí aige ar ghairm an dlí agus ba rí-annamh a chleacht sé an cheird.

Fráma 14

COMHDHÁIL CHUMANN MÚINTEOIRÍ ÉIREANN, SLIGEACH, 1902

Bhí an Piarsach ar dhuine de na baill ba threallúsaí ar Choiste Feidhmíúcháin an Chonartha agus bhí an-éileamh go deo air mar chainteoir ag cruinnithe de chuid Chonradh na Gaeilge ar fud na tíre. Léiríonn an cárta seo go raibh sé tábhachtach go leor faoin mbliain 1902 le go dtabharfaí cuireadh dó a bheith i láthair ag Comhdháil Chumann Múinteoirí Éireann ach nach raibh a ainm i mbéal an phobail fós-toisc nár litríodh i gceart é.

Fráma 15

TEISTIMÉIREACHT, FEABHRA, 1903

Chomh maith le bheith ina bhall de Choiste Feidhmíúcháin Chonradh na Gaeilge bhí an Piarsach freisin ina Rúnaí ar an gCoiste Foilseacháin a d'eagraigh ceapadóireacht agus foilsíú téacleabhar Gaeilge. I mí Feabhra na bliana 1903 bhí follúntas ann d'eagarthóir ar nuachtán an Chonartha, *An Claidheamh Soluis*. £240 an tuarastal bliantúil a bhí ag dul leis an bpost agus chuir an Piarsach mar aon le beirt eile isteach air.

Scríobh Cisteoir Chonradh na Gaeilge, Stiofán Bairéad, chuit Eoin Mac Néill ag iarraidh air tacaíocht a thabhairt d'íarratas an Phiarsaigh, Mar seo a leanas a chuir sé túis lena litir: 'Is feasach duit, gan amhras, gur dócha go ndéanfar cinneadh ag cruinniú den Choiste Gnótha Dé Luain seo chugainn ar cheist na heagarthóireachta i leith *An Claidheamh* . . . Measaim go n-aontaíonn tú liom ach gach uile shórt eile a mheá gurb é an Piarsach an fear is fearr don phost toisc gurb é is mó a sheasadh leis an gConradh agus is mó atá ina theideal. Tá ardéirim agus ardchumas ag roinnt leis. Tá gaisce déanta aige ar son Chonradh na Gaeilge le cúig nó sé de bhlianta anuas agus dheimhan pingin rua faighte aige de bharr na hoibre seo uile . . .

Bhí tromlach den Choiste Feidhmiúcháin i bhfábhar an Phiarsaigh agus toghadh ina eagarthóir ar *An gClaidheamh Soluis* é i Márta na bliana 1903. D'fhoilsigh sé mórbhileog i dteannta leis an gcéad eagrán den pháipéar mar a nocth sé an polasaí eagarthóireachta: 'Is é atá romhainn amach againn ná nuachtán a chur i láimha an Ghaeilgeora sna Gleannnta nó in Árann, i nGaeilge ghlinn dhúchasach a mbeidh cuntas leanúnach feiliúnach ann de stair náisiúnúta agus idirnáisiúnúta in aghaidh na seachtaine. Coinneoidh scothscríbh-neoirí de chuid na tíre seo orthu as Gaeilge ag soláthar scéalta agus sceitseanna dár gcolúin liteartha . . .' Taobh istigh de chúpla seachtain mhéadaigh sé ar chruth an pháipéir, chuir trian eile lena fhad agus chuir léaráidí ann; ach chaill an páipéar airgead agus b'éigean do Phádraic leagan amach ní ba neamhchríochnúla a chur air. D'éirigh leis, áfach, cur leis an díolachán sa deireadh sa tsíl's go raibh ar chumas an pháipéir sochar a chéanamh.

Tá cur síos san eagrán atá athfhoilsithe anseo ar an 'tSeachtain Ghaelach a bhí dírithe ar chur chun cinn mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna-ábhar cainte a bhí ag Dúglas De hÍde, Uachtaráin Chonradh na Gaeilge agus é ag labhairt le slógadh ollmhór i mBaile Átha Cliath.

'POLL AN PHÍOBAIRE', 1905

Chomh maith le bheith ina eagarthóir ar *an gClaidheamh Soluis*, scríobh an Piarsach na céadta alt, dánta agus scéalta don pháipéar — go leor acu nár chuir sé a ainm leo. Sa bhliain 1905, d'fhoilsigh sé scéaleachtra do ghasúir i riocht sraithe dár teideal 'Poll an Phíobaire'. Colm Ó Conaire an t-ainm a cuireadh leis an scéal — ainm cleite an Phiarsaigh. Níos deireanaí an bhliain sin foilsíodh an scéaleachtra i gcruth leabhair.

ÍOSAGÁN 1907

I 1905 — 1906 d'fhoilsigh an Piarsach ceithre ghearrscéal do phaistí a d'athfhoilsigh Coiste Foilseacháin Chonradh na Gaeilge i gcruth leabhair ina dhiaind sin. Glacadh go maith leis an leabhar seo, *Íosagán agus Scéal Eile* agus *Poll an Phíobaire* agus cuireadh ar chlár na Meántestiméireachta iad. Tamall ina dhiaind sin rinne an Piarsach dráma *d'Íosagán* dá dhaltaí i Scoil Éinde agus léirigh siad i gcéadóir é sa bhliain 1910.

BRÓN AR AN mBÁS

Foilsíodh an dán *Brón ar an mBás* den chéad uair sa bhliain 1907 sa *Chlaidheamh Soluis* mar a dtagann sé isteach sa scéal *Bríd na Gaoithe* atá curtha i leith Choilm Uí Chonaire — ainm cleite an Phiarsaigh. Sa scéal, bhí *Bríd* tar éis caoineadh a chumadh dá mac a fuair bás agus príosúntacht saoil ar chúiseamh dúnmaraithe á cur isteach aige cé go raibh sé neamhchiontach sa dúnmarú.

Gach uile sheans gur scríobhadh macasamhail na lámhscríbhinne seo — i láimh an Phiarsaigh — sa bhliain 1909 nó i 1910, tar éis don dán a bheith foilsithe.

Fráma 20

AN SGOIL, 1907 – 1908

Mar mhúinteoir gníomhach mhothaigh an Piarsach go raibh ganntaás móréacsleabhar feiliúnach agus lámhleabhar teagasc i nGaeilge. Mhol sé go gcleactfaí an modh díreach i dteagasc teangacha agus sa bhliain 1907 – 1908 chuir sé leagan amach sraithe ar chúrsa Gaeilge dár teideal *An Sgoil* sa *Chlaidheamh Soluis*. D'fhoilsigh Conradh na Gaeilge an cúrsa seo níos deireanaí i gcruth leabhair.

Fráma 21

AR CHAMCHUAIRT, 1907

I samhradh na bliana 1907 chuaigh Pádraic Mac Piarais agus roinnt dá chairde ar chamchuairt go Tír Chonaill agus go Sligeach agus thug cuairt ar bhrainsí de Chonradh na Gaeilge, chas siad le Gaeilgeoirí agus labhair leo. Orthu sin atá sa phictiúr seo, tá an Piarsach (ina sheasamh sa charr) F. J. Biggar, ar leis an carr, agus Tomás Bán Ó Conchearnainn.

Fráma 22

RÉAMHEOLAIRE DO SCOIL NAOMH ÉINDE, 1908

Bhí an-taithí mhúinteoireachta ag an bPiarsach agus an-spéis go deo aige i ngach uile ghné de chúrsaí oideachais agus ní annamh a nocth sé a chuid tuairimí féin faoin gceist seo sa *Chlaidheamh Soluis*. Sa bhliain 1908, d'oscail sé 'ardscoil lán-Ghaelach do bhuachaillí' a bhí le freastal ar scoláirí cónaithe agus ar scoláirí lae. Ba í an Ghaeilge teanga oifigiúil na scoile agus bhí an oiread sin comhleacaithe ag an bPiarsach i gConradh na Gaeilge a raibh bá acu lena chuspóirí go raibh corrach agus nócha dalta ar rollaí aige faoi dheireadh na chéad bhliana.

Ba é Liam Mac Piarais an múinteoir ealaíne a bhí sa scoil agus thugadh sé lámh chúnta freisin i gcúrsaí riarracháin. Mhúin a ndeirfiúir, Mairéad, scata beag de chailíní sóisearacha agus d'fhéach sí féin agus a máthair i ndiaidh ghnáthfheighlíoch na scoile agus bhí freagracht ar leith orthu as na scoláirí cónaithe. Ba é Tomás Mac Donnchadha an múinteoir Béarla i Scoil Éinde agus ba mhaith ann é sa mhéid go raibh ar an chumas féin agus ar chumas an Phiarsaigh in éindí atmasfear sona aiteasach a chothú sa scoil le linn dá ndaltaí a bheith ag déanamh a léinn faoi rath, gan mórán maoirseachta. Gné shuntasach a bhain leis an scoil ba ea na léachtaí éadroma a thugadh cairde an Phiarsaigh, ar a n-áirítear Dúglas de hÍde, W. B. Yeats agus Pádraic Colum.

Fráma 23

TEACH CHOILL AN CHUILINN

Teach Choill an Chuilinn, teach mór Seoirseach ar cíos, ba ea láthair na scoile ar Bhóthar Oakley, i Raghnallach. Bhí an Piarsach ráscánta le hairgead, fuair an t-uafás airgid ar iasacht d'fhonn nach mbeadh aon easpa áiseanna ar an scoil. D'fhág sé seo go raibh Scoil Naomh Éinde níos fearr as ó thaobh fearais de ná mar a bhí go leor scoileanna eile den tréimhse chéanna.¹ D'éirigh leis an bPiarsach freisin, roinnt bunphictiúr dá chuid comrádaithe ar a n-áirítear Jack B. Yeats agus George Russell agus saothair dealbhóireachta de chuid Liam agus dealbhóirí eile, a fháil don scoil.

Fráma 24

AN HALLA GLEACAÍOCHTA

Chreid an Piarsach i gcur chun cinn leasa orgánaigh, intleachta agus morál-tachta a chuid scoláirí. Gné thábhachtach den churaclam i Scoil Éinde ba ea cluichí agus bhí an halla gleacaíochta ar cheann de na céad áiseanna a chuir sé ar fáil don scoil. Sa phictiúr seo feicimid Con Colbert a tháinig ar fhoireann na scoile sa bhliain 1909, agus é i mbun an chorpoideachais.

Fráma 25

GARRAÍODÓIREACHT

Bhí Teach Choill an Chuilinn suite i ngairdíní lánaibí agus spreag an Piarsach a chuid daltaí chun suim a chur sa gharraíodóireacht. Cainteoir dúchais ba ea an garraíodóir, Micheál Mac Ruadhrí, agus bhí dea-thionchar aige ar na malraigh.

Fráma 26

AN MACAOMH

Foilsíodh ceithre heagrán den iris scoile An Macaomh idir 1909 agus 1913. Bhí ailt leis an bPiarsach ann, le baill den fhoireann, leis na scoláirí agus le daoine eile a raibh baint acu leis an scoil. Bhí léaráid agus grianghrafnna de dhaltaí ann freisin agus gnáthimeachtaí an lae idir lámha acu. B'as an leabhar úd a tógadh grianghrafnna an halla gleacaíochta agus an gharraí a bhí le feiceáil sna frámaí a tháinig díreach roimh an gceann seo.

Fráma 27

ROSMUC, 1909

Is maith is feasach dúinne uile an grá a bhí ag an bPiarsach do cheantar Chois Fharraige agus baineann mórchuid dá dhánta agus dá scéalta ar nós *Brón ar an mBás* agus *fósagán* leis an taobh sin thíre. Is iomaí saoire a chaith sé i gcomharsanacht Rosmuc agus sa bhliain 1909 thóg sé teachín dó féin ar aghaidh Loca Eileabhraigh amach a mbaineadh a chuid scoláirí as Naomh Éinde leas as agus iad ar saoire sa dúiche.

Fráma 28

AN DÍTHREABH, RÁTH FEARNÁIN, 1910

Faoin m bliain 1909 – 10, bhí suas le 130 scoláire ag freastal ar scoil Naomh Éinde agus cheap an Piarsach nach raibh Teach Choill an Chuilinn mór go leor feasta; is mar seo a labhair sé faoin bhfadhb blianta ina dhiaidh sin – ‘Ní raibh slí go leor ag roinnt le tailte na scoile a radh chun tairbhe don saol scóipíúil fairsing úd taobh amuigh agus bhíomarna mar a déarfá, teamntaithe an iomarca ar fad i gClais Bhruachbhailteach’. I ngeall ar na haidhmeanna oideachasúla ab fhéarr in Éirinn a bheith ag scoil Naomh Éinde chreid an Piarsach gur cheart agus gur chóir foingneamh den chéad scoth a bheith ar fáil do na gasúir freisin gona n-áiseanna agus gona dtimpeallacht.

Fráma 29

SCOIL NAOMH ÍDE, TEACH CHOILL AN CHUILINN, 1910

Nuair a aistríodh Scoil Éinde amach go Rath Fearnáin rinneadh scoil chailíní de Theach Choill an Chuilinn. Scoil Naomh Íde a thug sé uirthi agus gidih gur leag sé féin amach polasaí na scoile agus ghlaic freaghracht airgeadais mar chúram air féin d’fhostaigh sé Mrs Gertrude Bloomer ina hardmháistreás ar an scoil. Scríobh an Piarsach san réamheolaire as ar tógadh an fráma seo: ‘Bunaíodh Scoil Naomh Íde d’fhoinn ar féachadh le chomh sásúil sin do ghasúir na hÉireann i Scoil Naomh Éinde a fhéachaint le caillíní na hÉireann freisin.’

Gné thábhachtach de chúrsaí scolaíochta i Naomh Éinde fad a bhí an scoil suite i dTeach Choill an Chuilinn agus ina dhiaidh sin nuair a aistríodh amach go dtí an Díthreabh í ba ea an dráma agus bhí an-cháil ar an scoil i measc lucht leanúna amharclainne i mBaile Átha Cliath. Scríobh an Piarsach roinnt draímaí agus bhí lámh aige féin, ag a dheartháir, Liam, ag Tomás Mac Donnchadha agus ag na múinteoirí eile i léiriú na ndrámaí úd. Ceann de na drámaí is fearr ar éirigh leis ba ea an Dráma Páise as Gaeilge a scríobh an Piarsach agus a chuir idir mhúinteoirí agus mhicléinn de chuid Scoil Éinde agus Scoil Íde ar an ardán in Amharchlann na Mainistreach i rith na Seachtaine Móire sa bhliain 1911. Páis Chríost i suíomh Éireannach a léiríodh sa dráma agus scríobh Pádraic Colum faoi mar seo a leanas ina dhiaidh sin: 'Léiriú sochreidte a bhí ann i ngeall ar fhíre shimplí na ceapadóireachta i dteannta le hurraim an léirithe'. Ghlac Liam páirt Phontius Píoláit agus bhí léirmheastóir amháin ar a laghad a dúirt go raibh sé thar cinn sa pháirt sin.

Seans maith gur tógadh an pictiúr seo i ngairdíní na Díthreibhe agus tá na daoine seo a leanas ann: Iníon Uí Bhroin (col ceathair), Pádraic, Mairéad, máthair na bpíarsach, Liam agus Máire Bríd. Timpeall an ama seo bhunaigh Liam agus Máire Bríd i dteannta le roinnt dá gcairde foireann bheag amharclainne darbh ainm Cumann Aisteoirí Laighean. Scríobh Máire Bríd roinnt de na drámaí agus ghlac Liam páirt san aisteoireacht. I mBealtaine na bliana 1912 chuir siad dráma ar an ardán i dTeach Ceoldráma Chorcaí ach b'olc mar a d'éirigh leis agus de bharr nach ndeachaigh ach dream an-bheag ag breathnú air níorbh fhéidir na mórchostais a ghlanadh. B'éisgean do mháthair Liam – bhí sí i dteannta na fairne – scríobh chuigh Pádraic faoi choinne airgid. Agus cé go raibh éisgean airgid ag gabháil le Scol Éinde san am bhí ar chumas Phádraic, mar sin féin, dóthain airgid a bhailiú chun teacht i gcabhair ar éileamh a mháthar.

Faoin m bliain 1912 bhí dearcadh polaitiúil an Phiarsaigh claonta i dtreo an náisiúnachais antoiscigh: mheas sé nach raibh sa Rialtas Dúchais ach céim amháin ar bhealach an neamhspleáchais agus gur gníomh cóir é dul i muinín na láimhe láidre d'fhonn saoirse a bhaint amach. Le go mbeadh fáil ag Gaeilgeoirí ar a chuid tuairimí bhunaigh sé an nuachtán Gaelach darbh ainm *An Barr Buadh* agus foilsíodh aon eagrán déag den pháipéar sin in aghaidh na seachtaine ón 16ú Mártá amach sa bhliain 1912. Ag an am gcéanna chuir sé *Cumann na Saoirse*, cumann polaitiúil ar a chois, ar a n-áir ítear An Rathailleach, Cathal Brugha agus Con Colbert mar thriúr dá bhall.

Orthu sin a scríobhadh ailt go rialta do *An Barr Buadh* bhí Éamonn Ceannt agus Cathal Ó Seannaigh. Chuir an Piarsach féin roinnt litreacha sa nuachtán do dhaoine ar nós Uí Réamoinn, Uí Ghriofa, agus Dhughlais De hÍde faoin ainm cleite Laegh Mac RinnGhabhra (carbadóir Chúchulainn a ghread an laoch chun éachtaí gaiscíchóchta).

Ghéaraigh go mó� ar éigean airgid Scoil Éinde i rith na tréimhse a raibh *An Barr Buadh* ar an saol agus sa deireadh thiar b'éigean don Phiarsach scor leis an bpáipéar ar fad agus a aire a dhíriú go huile agus go hiomlán ar tharrtháil na scoile.

ÓGLAIGH NA hÉIREANN 1913

Ar an 25ú Samhain 1913 gaireadh cruinní i Rinc an Rotunda i mBaile Átha Cliath d'fhonn fórsa óglach a bhunú a chuideodh le cur chun cinn ghluaiseacht an Rialtais Dhúchais. Bhí tábhacht a dhóthain ag roint leis an bPiarsach faoin am seo mar theoricí polaitiúil le go dtabharfaí cuireadh dó labhairt ag an gcruinní seo i dteannta cainteoirí eile. Ón lá ar bunaíodh Óglaigh na hÉireann bhí sé féin ar dhuine de na daoine ba mhó le rá sa ghluaiseacht sin agus ar na postanna éagsúla a bhí aige sna hóglachaí bhí sé tamall ina Stiúrthóir ar an Eagraíocht.

PHILADELPHIA, MÁRTA 1914

Tubaiste mhór airgeadais a bhí i aistriú Naomh Éinde ó Theach Choill an Chuilinn amach go dtí an Díthreadh. Bhí Rath Fearnán i bhfad rófhada ar shíl ó Bhaile Átha Cliath le haghaidh na ngasúr lae agus ní raibh go leor malrach cónaithe ann le costais throma na scoile a għlanadh. I ndiaidh don scoil dul trí roinnt gábh bheartaigh an Piarsach go rachadh sé féin ar chamchuairt go Meiriceá ag bailiú airgid leis an scoil a tharrtháil.

Bhí ábhar maith earcaigh sa Phiarsach dar leis an IRB agus chuir Bulmer Hobson i dteagmháil é le Joseph McGarrity, duine de thaoisigh Chlann na nGael agus le John Devoy eagarthóir an *Gaelic American*. Rinne na fir seo bolscaireacht ar chamchuairt an Phiarsaigh, d'eagraigh siad léachtaí, ceolchoirmeacha, rincí agus ócáidí sóisialta eile mar a bhféadfadh sé airgead a bħalliú. Chuir Hobson faoi mhionn é mar bhall den IRB sular chuir sé chun farragħ ġe agus lean siar go Meiriceá é féin é tar éis cúpla seachtain. Baineann an imlitir le Páipeir Joseph McGarrity sa Leabharlann Náisiúnta.

Bhí rath ar an gcamchuaireart i Meiriceá ó thosach ach bhí sé ag dul rite leis an t-airgead mór a bhailiú. Ba léasc leis an bPiarsach a bheith ar shiúl ó Scoil Éinde ar feadh tamall an-fhada ach dhearbháigh a mháthair agus Liam dó go raibh obair na scoile ag dul ar aghaidh go sásúil agus mhol siad dó fanacht i Meiriceá agus an oiread airgid a d'fhéadfadh sé a bhailiú. Bhí treoracha agus moltaí éagsúla faoi reachtáil na scoile i ngach uile litir a sheol sé abhaile mar aon le spreagadh dá dhaltaí. Tá fáil ar an litir bhunúsach – as ar tógadh an sliocht thíosluaithe – i Scoil Naomh Éinde. Faoin am a raibh an Piarsach ar bord na loinge agus é ar a bhealach abhaile i mí na Bealtaine bhí £1,000 beagnach bailithe aige a thabharfadh léas nua beatha don scoil, cibé fad a mhairfeadh sin.

Mar seo a leanas a thosaíonn an litir: 'Go Sgoil Éanna: Bail ó Dhia oraibh! Tá sibh uile tagtha le chéile faoi seo athuair, is dócha, tar éis laethanta saoire na Cásca agus sibh ar bhur mine ghéire. An oiread sin cuirí faighe agam chun labhairt leis na Meiriceánaigh, bhur moladh go hard na spéartha nach raibh sé d'fhaill agam 'a bheith ar leac an dórais romhaibh, bhur bhfáiltíú tar éis na laethanta saoire . . .'

Bhásaigh Gearóid Ó Donnabháin Rossa i Nua Eabhrach i mí Meithimh na bliana 1915 agus shocraigh coiste ar a raibh ionadaithe de chuid Óglach na hÉireann, an IRB, Airm Chathartha na hÉireann agus Shinn Féin, go gcuirfí é i nGlasnaón. Toghadh an Piarsach leis an óráid adhlactha a thabhairt agus d'imigh go Rosmuc á téisclim.

Bhí éide cheannfoirt Óglaigh na hÉireann á caitheamh ag an bPiarsach ar an tsochraíd; sa ghríanghraif seo tá sé ina sheasamh ar dheis, agus láimh leis ar théacs na hóráide atá fós ina phóca aige.

Fráma 37

AN ÓRÁID ADHLACTHA AG UAIGH UÍ DHONNABHÁIN ROSSA

As Béarla a bhí an óráid ach chuir sé túis léi as Gaeilge — an teanga a chleacht Ó Donnabháin Rossa agus é ina pháiste. Tugadh bualadh bos fada don Phiarsach tar éis dó an t-aitheasc a chur de agus dúradh i gcoitinne gurbh é an chaint ab fhéarr a rinne sé riamh. Tá macasamhail na lámhscríbhinné i láimh an Phiarsaigh i Scoil Naomh Éinde agus b'aisti tógadh ábhar an fhráma seo. Níl an bhrollach Ghaelige ag gabháil le macasamhail na lámhscríbhinné seo agus is mar seo a thosaíonn sé: 'Sochraíd Uí Dhonnabháin Rossa/Óráid Adhlactha ag an Uaigh/P. H. Mac Piarais.

Measadh go mba chóir agus go mba chuí, sula dtugaímid cúl ar an lantán seo mar ar cuireadh corp Uí Dhonnabháin Rossa ag déanamh créfóige, go labhródh duine amháin, thar ceann a bhfuil anseo, ag moladh an fhir chalma sin ag féachaint leis an smaoineamh agus an dóchas atá ag brúchtadh ionainne agus sinne inár seasamh le hais a uaigne, a chur i bhfocail . . .'

Fráma 38

FORÓGRA NA POBLACHTA, DÉ LUAIN, 24 AIBREÁN 1916

Léigh an Piarsach an Forógra i láthair mionslua taobh amuigh d'Ardofig an Phoist, in iarnónin an Luain, an chéad lá den Éirí Amach. É féin is mó a cheap ach bhí leasuithe déanta air ag baill eile den Rialtas Sealadach. Bhí an forógra seo ag teacht ar shuí le samhail fhorógra Emmet na bliana 1803 ach bhí roinnt de phrionsabail shóisialta Uí Chonghaile le sonrú ann freisin agus bhí blas éigin diaganta ag roinnt chomh maith.

Fráma 39.

THE IRISH TIMES, DÉ MÁIRT 25 AIBREÁN

Maidin Dé Máirt bhí na fir in Ardoifig an Phoist ag fanacht go cásmhar leis na nuachtáin féachaint cén chaoi a raibh ag éirí leis an Éirí Amach ar fud na tíre. Ach tharla an cinsire a bheith gníomhach agus dheimhan páipéar ar bith eile cé is moite den *Irish Times* ar díol an mhaidin sin; rud eile de, ní raibh trácht ar bith san *Times* ar an Éirí Amach seachas alt gairid ag rá go raibh a leithéid tar éis titim amach. Ach is é an rud a tharla dáiríre i gcás an *Irish Times* gur chlóbhuail sé eagrán luath an mhaidin sin mar a raibh cur síos mion ar an Éirí Amach ach cuireadh an t-eagrán seo faoi chois agus níor foilsíodh riamh é. Feicimid giota den eagrán sin a cuireadh faoi chois san fhráma seo.

Fráma 40

ARDOIFIG AN PHOIST, DÉ hAOINE 28 AIBREÁN

Gidh go bhfuil an líníocht seo le W. Paget idéalaithe ar bhealach tugann sí pictiúr cruinn go leor, mar sin féin, den chruth a bhí ar Ardoifig an Phoist tráthnóna Dé hAoine sular tréigeadh an t-áras. Tá Séamas Ó Conghaile, a goineadh an lá roimhe sin, le feiceáil agus é ina luí ar shínteán; tá an Piarsach, agus gunnán ina láimh aige ina sheasamh in aice leis, gualainn ar ghualainn lena dheartháir, Liam, agus tá Tomás Ó Cléirigh ina sheasamh in aice leo. Tá Seosamh Máire Pluincéad ag déanamh orthu ó chúl ar phictiúir agus cóta móra slaodach á chaitheamh aige, agus tá an Rathailleach ina sheasamh ar bhord in aice na fuinneoge ag tabhairt orduithe faoi thráthúlacht an scaoilte.

Fráma 41

GÉILLEANN AN PIARSACH, DÉ SATHAIRN, 29 AIBREÁN

Tréigeadh Ardoifig an Phoist go deireanach ar an Aoine agus an mhaidin dár gcionn bhí cruinniú ag an bPiarsach, Ó Conghaile, An Cléireach, Mac Diarmada agus an Pluincéadach i siopa éisc ag 16, Sráid Uí Mhórdha. Shocraigh bunáite na bhfear go ndéanfadh siad idirbheartaíocht faoi choinníollacha sos lámhaigh ach ní raibh an ceannasaí Briotanach, an Briogáidire-Ghinearál Lowe sásta mura ngéillfí gaň aon réamhchoinníollacha. Ní raibh an dara rogha acu agus socrafodh go ngéillfeadh an Piarsach ar dtús agus go rachadh seisean i mbun idirbheartaíochta faoi ghéilleadh iomlán.

Ag gabhal Shráid Uí Mhórdha agus Shráid Pharnell ghéill an Piarsach don Ghinearál Lowe a raibh a oifigeach fairne, An Maor de Courcey Wheeler (gar don cheamara), ina theannta. Seans gurb í Eilís Ní Fhearghaíl, banaltra de chuid Chumann na mBan, an duine nach féidir a fhiceáil go róshoileir toisc an Piarsach a bheith idir í agus an grianghrafadóir, — a bhí ina hidirghhabhálaí idir an Piarsach agus Lowe sular ghéill na hÉireannaigh. As an *Daily Sketch* éen dáta 10 Bealtaine 1916 a tógadh an pictiúr seo.

Fráma 42

IRIS AN TSAORÁNAIGH, 5 BEALTAINE

Daoradh an Piarsach chun bás nuair a cuireadh cúirt airm air ar an Máirt, 2 Bealtaine i mBeairic Rismionn. Cuireadh ansin é i gcillín an bháis i gCill Mhaighneán agus cuireadh chun bás é go moch maidin na Céadaoine i gclós ina mbristí clocha.

PÓSTAER CUIMHNEACHÁIN

Ar an bpóstaeर seo a foilsíodh i Nua Eabhrach sa bhliain 1916 tá portráidí de shé dhuinne déag díobh sin a raibh baint acu leis an Éirí Amach agus léar-áidí d'Ardoifig an Phoist agus de Halla na Saoirse.

Seo a leanas ábhar na bpotráidí úd:

Ar bharr: Pádraic Mac Piarsais, Ruairí Daithí Mac Easmainn, Séamas Ó Conghaile.

Ar Chlé: Tomás Mac Donnchadha, Seosamh Máire Pluincéad, Micheál Ó hAnnracháin, S. S. Heuston, P. Sheehy-Skeffington, An Rathailleach.

Thíos: An Chuntaois de Markievicz.

Ar Dheis: Seán Mac Diarmada, Tomás S. Ó Cléirigh, Seán Mac Giolla Bhríde, Éamonn Ceannt, Con Colbert, Éamonn Ó Dálaigh.

AN SEOMRA SUITE I SCOIL NAOMH ÉINDE

Tar éis an Éirí Amach ghlac Arm na Breatainne seilbh shealadach ar An Díthreabh. Bhí Sgoil Éanna ag feidhmiú i gcónaí, áfach, i dTeach Choill an Chuilinn ar dtús agus sa Díthreabh ina dhiaidh sin gur dhún sí faoi dheireadh thiar thall sa bhliain 1935. Sa bhliain 1968, shocraigh Mairéad Nic Piarsais go gcuircí cúram na Díthreibhe ar an Stát; iarsmalann an Phiarsaigh atá ann anois agus b'fónn cead isteach ag an bpobal. Cuirtear fálte roimh pháistí scoile chun na hiarsmalainne, ar ndóigh, ach níor mhór coinne a dhéanamh leis an gCoimeádaí roimh ré.

AN SEOMRA LÉITHEOIREACHTA SA LEABHARLANN NÁISIÚNTA

Tá fáil ar na cáipéisí a úsáideadh sa stíallscannán seo i Scoil Naomh Éinde, sin, nó sa Leabharlann Náisiúnta. Ba ghnách don Phiarsach a bheith ag léamh sa Leabharlann Náisiúnta, go háirithe agus é ina mhacléinn ealaíne agus é ag dul le dlí agus tógadh an grianghraf seo timpeall an ama sin. Tá cnuasach tábhachtach de lámhscribhinní an Phiarsaigh sa Leabharlann Náisiúnta sa lá atá inniu ann, ar a n-éirítear páipéir de chuid Phádraic, Liam agus a máthar. Tá bailiúchán ann, leis, de dhialanna, de chomhfhreagras agus dréacht-chóipeanna den iliomad saothair liteartha de chuid Phádraic.

Tugtar cead do mhúinteoirí taighde a dhéanamh sa Leabharlann Náisiúnta agus cuirtear fálte roimh pháistí scoile cuairt a thabhairt ar an gcorr thaispeántas a bhíonn ar siúl ansin, nó tig leo dul ag na taispeántais thaistil a reachtáltear i mbailte móra ar fud na hÉireann ó am go ham. D'fhoilsigh an Leabharlann Náisiúnta roinnt beartán de cháiipéisí macasamhla a d'fhéadfáí a úsáid sna scoileanna, ceann amháin ar an bPiarsach, dár teideal **Pádraic Mac Piarsais: An Piarsach ó Cháipéisí** agus féadfar é seo a fháil ón Leabharlann Náisiúnta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. (Luach: £1 sa bhliain 1980, saor ar an bpost).

CROINEOLAÍOCHT

- 1879 Rugadh i mBaile Átha Cliath ag 27, Sráid Mhór Bhrunsic – Sráid an Phiarsaigh sa lá atá inniu ann – (10 Samhain).
- 1891–'96 Cuireadh scolaíocht air i Scoil na mBráithre Críostaí, Sraith an larthair.
- 1896 Comhbhunaitheoir Cumann Liteartha Nua-Éireann.
- 1898 D'fhoilsigh sé *Trí Léacht Um Théamaí Gaelacha*. Ina bhall de Choiste Feidhmiúcháin Chonradh na Gaeilge.
- 1898–1901 Ag Staidéar i gColáiste na hOllscoile, i gColáiste na Tríónóide agus i Hallaí an Rí.
B. A. (ón Ollscoil Ríoga); B. L. (ó Hallaí an Rí).
- 1899 Ag múineadh Gaeilge do Chonradh na Gaeilge.
- 1900 Ina rúnaí ar Choiste Foilseacháin Chonradh na Gaeilge.
- 1902 Ina bhall den Choiste Oideachais de Chonradh na Gaeilge.
- 1903–1909 Ina eagarthóir ar an *gCláidheamh Soluis*. Ag múineadh scoile i Sraith an larthair, i gColáiste Alexandra, agus i gColáiste na hOllscoile.
- 1905 Thug sé cuairt ar an mBeilg d'fhoinn an córas oideachais a bhréithniú.
- 1908 Bhunaigh sé Scoil Éinde i dTeach Choill an Chuilinn, Raghnallach, (8 Meán Fómhair). D'aistrigh an scoil amach go dtí an Díthreabh, Rath Fearnán. Rinne scoil chailíní de Theach Choill an Chuilinn.
- 1911 Chuir scoláirí Scoil Éinde agus Scoil Íde Dráma Páise ar an ardán in Amharclann na Mainistreach.
- 1912 D'fhoilsigh an nuachtán polaitiúil *An Barr Buadh* (Márta-Bealtaine).
- 1913 Ar dhuine díobh sin a bhunaigh Óglaigh an hÉireann (mí na Samhna). Ina bhall den IRB (mí na Nollag).
- 1914 Chuaigh ar chamchuairt go Meiriceá ag bailiú airgid do Naomh Éinde (Feabhra-Bealtaine).
- 1915 Thug óráid adhlactha ar shochraíd Uí Dhonnabháin Rossa (1 Lúnasa). Ina bhall den Ardchomhairle den IRB (Meán Fómhair). D'fhoilsigh paimfléid pholaitiúla, *Ghosts, The Separatist Idea* agus *The Sovereign People*.
- 1916 Ina cheannasaí-ghinearál ar arm Phoblacht na hÉireann, ina uachtaráin ar an Rialtas Sealadach (Dé Luain, 24, Aibreán). Curtha chun bás i bPríosún Chill Mhaighneán (3 Bealtaine) agus curtha i gCnoc an Arbhair.